AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.1.2025
COM(2025) 7 final

2025/0003 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú a tugadh don Pholainn le beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (dá ngairtear ‘an Treoir maidir le CBL’ anseo feasta), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d’aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc.

Le litreacha a cláraíodh leis an gCoimisiún an 27 Márta 2024 agus an 1 Deireadh Fómhair 2024, d’iarr an Pholainn údarú le leanúint de mhaolú ar Airteagal 226 den Treoir maidir le CBL maidir le ceanglais sonrasctha cánach breisluacha (CBL), chun go leanfaí den sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte a chur i bhfeidhm le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise sa Pholainn. I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 9 Deireadh Fómhair 2024 maidir leis an iarraidh a rinne an Pholainn. Le litir dar dáta an 10 Deireadh Fómhair 2024, thug an Coimisiún fógra don Pholainn go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

Deonaíodh an maolú a n-iarrtar síneadh ina leith ar dtús le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle[1] ar feadh tréimhse ón 1 Márta 2019 go dtí an 28 Feabhra 2022 agus cuireadh síneadh leis den chéad uair le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/559 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022[2] ar feadh tréimhse go dtí an 28 Feabhra 2025.

I gcomhréir le hAirteagal 2, an dara mír, de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle, chuir an Pholainn tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an tionchar foriomlán ar leibhéal na calaoise agus ar na daoine inchánacha a cláraíodh leis an gCoimisiún an 13 Samhain 2023.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tar éis tréimhse inar ann do chóras deonach um íocaíocht dheighilte, thug an Pholainn isteach, tar éis Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle, an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte i ndáil le soláthairtí áirithe earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise. Ciallaíonn sé sin, má dhéantar soláthar earraí nó seirbhísí faoi raon feidhme an tsásra sin (sonraisc, le haghaidh earraí agus seirbhísí faoin raon feidhme, ina bhfuil ollmhéid iomlán (CBL san áireamh) os cionn PLN 15 000), nach mór don soláthróir, sa bhreis ar a ghnáthchuntas bainc, cuntas ar leithligh agus stoptha, dá ngairtear cuntas CBL, a bheith aige. Aistrítear an glanmhéid (gan CBL a áireamh) chuig gnáthchuntas bainc an tsoláthróra agus aistrítear an méid CBL chuig an gcuntas CBL ar leithligh sin. Cé gur maoin de chuid an tsoláthróra fós iad na cistí sa chuntas stoptha, ní féidir na cistí sin a úsáid ach amháin chun críoch sonrach, amhail íocaíocht CBL atá dlite don údarás cánach nó CBL a eascraíonn as sonraisc a fhaightear ó sholáthróirí eile. I gcás barrachas CBL ar ionchur i gcomparáid le CBL ar aschur, ní mór aisíocaíocht a dhéanamh laistigh de 60 lá le gnáthchuntas an duine inchánach.

---

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019 lena n-údaraítear an Pholainn le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 51, 22.2.2019, lgh. 19-27).

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/559 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 a mhéid a bhaineann leis an údarú arna dheonú don Pholainn leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 108, 7.4.2022, lgh. 51-59).

Maidir le feidhmiú an chórais, is gá go n-áireofaí ar shonraisc, i gcás soláthairtí faoi raon feidhme an tsásra um íocaíocht dheighilte, ráiteas speisialta go n-íocfar CBL le cuntas bainc CBL ar leithligh an tsoláthróra i gcás íocaíochtaí a dhéantar trí bhíthin aistrithe bainc. Chun é sin a chumasú, is gá maolú ar Airteagal 226 den Treoir maidir le CBL lena leagtar síos nach féidir a éileamh ach go mbeadh na mionsonraí a áirítear san airteagal sin ar shonraisc; ní dhéantar foráil san airteagal sin maidir le mionsonraí a mhéid a bhaineann le sásra um íocaíocht dheighilte.

Tar éis, mar a luaitear thuas, an chéad síneadh ar feadh tréimhse go dtí deireadh mhí Feabhra 2025, d'iarr an Pholainn síneadh eile anois toisc go measann sí go raibh tionchar dearfach ag an mbeart maolaithe, atá riachtanach d'fheidhmiú an tsásra um íocaíocht dheighilte.

Seachas an síneadh, d'iarr an Pholainn an iarscríbhinn earraí agus seirbhísí atá ann faoi láthair a bhfuil na soláthairtí dá cuid faoi réir an tsásra um íocaíocht dheighilte a ionadú. Faoi láthair, tá an liosta bunaithe ar an Aicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí (PKWiU 2015). Tá sé beartaithe sa reachtaíocht náisiúnta, áfach, an Ainmníocht Chomhcheangailte chun earraí a shainaithint a chur in ionad an chórais náisiúnta aicmithe. Chun an gá leis an maolú a thabhairt cothrom le dáta le linn a tréimhse cur i bhfeidhm a sheachaint, d'iarr an Pholainn go gcuirfí liosta comhiomlánaithe simplithe de 13 chatagóir lena gcumhdaítear an t-ábhar céanna in ionad an liosta de 150 mír aonair. Dheimhnigh an Pholainn, tríd an liosta simplithe sin a thabhairt isteach, nach leathnófar raon feidhme an mhaolaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an maolú bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL d'fhonn an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc. D'iarr an Pholainn an beart maolaithe chun imghabháil cánach a chomhrac sna hearnálacha inar braitheadh calaois CBL le blianta anuas. Tá an maolú comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana.

Sa chomhthéacs sin, tá sé le tabhairt faoi deara gur údaraíodh an Iodáil, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1552 ón gComhairle[3], le síneadh a chur le maolú comhchosúil i ndáil le cur i bhfeidhm an tsásra um íocaíocht dheighilte le haghaidh soláthairtí sonracha áirithe.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise fhoráil na Treorach maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát arna iarraidh sin dó féin agus níl aon oibleagáid ann.

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1552 ón gComhairle an 25 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 a mhéid a bhaineann le tréimhse údaraithe, agus le raon feidhme, an bhirt speisialta arna dhéanamh ag an Iodáil de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 188, 27.7.2023, lgh. 45-47).

Tá teorainn ama leis an maolú agus tá an raon feidhme dírithe ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí in earnálacha sonracha ina gcruthaítear fadhbanna móra maidir le calaois chánach.

I bhfianaise raon feidhme leathan an mhaolaithe, i gcás ina n-iarrfadh an Pholainn a bheith údaraithe le síneadh a chur leis an mbeart speisialta, beidh tuarascáil le cur isteach maidir le feidhmiú agus éifeachtacht an bhirt ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánacha (maidir le haisíocaíochtaí CBL, an t-ualach riaracháin, costais fhéideartha ar dhaoine inchánacha etc.).

Dá bhrí sin, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. an imghabháil cánach a chomhrac agus an bailiú cánach a shimpliú.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin é an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir é a dhíriú chuig Ballstát aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Pholainn agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Leis an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, údaraítear an Pholainn le leanúint de mhaolú ar Airteagal 226 den Treoir maidir le CBL chun feidhmiú an tsásra éigeantaigh um íocaíocht dheighilte a chumasú i ndáil le CBL a íoc ar sholáthairtí sonracha earraí agus seirbhísí mar a leagtar amach i liosta sriantach.

Mar a luadh, chuir an Pholainn tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin mar a iarradh leis an maolú roimhe seo.

Ón tuarascáil sin, is cosúil, ón síneadh deireanach, gur lean an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte de rannchuidiú leis an laghdú ar chalaois (rothlach), seachaint cánach agus imghabháil cánach. Thairis sin, chuir an sásra sin an tslándáil ar fáil don chustaiméir nach féidir leis a bheith páirteach go neamhdheonach i gcleachtais chalaoiseacha an tsoláthróra a bhféadfadh sé a bheith faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach ina leith.

Cuireadh dlús le haisíocaíochtaí CBL agus le scaoileadh cistí ó na cuntais CBL (ó 27,56 lá ar an meán in 2018 go 19,41 lá in 2022) agus chuir siad feabhas ar leachtacht airgeadais na ndaoine inchánach. Tháinig laghdú ar chostais riaracháin toisc go bhfuil an sásra tagtha in ionad an tsásra aistrithe táillí, i roinnt cásanna, a raibh gá le níos mó oibleagáidí tuairiscithe ina leith. Thairis sin, ní thabhaíonn daoine inchánacha, atá bunaithe sa Pholainn nó i mBallstát

eile, costais as cuntas CBL a oscailt le banc sa Pholainn. I gcás ina ngearrfadh banc táillí as cuntas CBL a choinneáil, aisíocann an t-údarás cánach inniúil na costais thabhaithe sin.

Leagtar amach roinnt príomhfhigiúirí agus príomhthorthaí eile ón tuarascáil thíos.

Sular tháinig an beart i bhfeidhm, suíodh gurbh é PLN 5 168 779 146 a bhí sa chalaois CBL fhoriomlán in 2018. Tháinig laghdú air sin go PLN 4 716 202 928 in 2019, PLN 3 533 646 348 in 2020, PLN 2 672 606 551 in 2021 agus PLN 1 671 788 122 in 2022. Is éard atá ann sin, ag deireadh na tréimhse athbhreithnithe in 2022, laghdú 52,69 % i gcomparáid le 2020 agus laghdú 67,66 % ó thús an bhirt.

Ar an gcaoi chéanna, tá laghdú tagtha ar líon na n-imeachtaí calaoise CBL. Roimh an mbeart, bhí 3 507 n-imeacht ann in 2018. Tháinig laghdú air sin go 3 389 in 2019, go 2 973 in 2020 agus go 3 288 in 2021. Tar éis méadú beag in 2021, tháinig laghdú breise ar an líon go 2 750 in 2022. Laghdú 7,5 % i gcomparáid le 2020 atá ann sin agus laghdú 21,59 % ó thús an bhirt.

Le cur i bhfeidhm leanúnach an tsásra éigeantaigh um íocaíocht dheighilte, tá laghdú breise tagtha ar an gcalaois rothlach. 558, b'shin é líon na n-imeachtaí a tionscnaíodh le haghaidh calaois rothlach in 2018, sular tugadh isteach an sásra. Tháinig laghdú air sin go 277 in 2019 agus go 207 in 2020. Tháinig laghdú eile air sin go 167 in 2021 agus go 97 in 2022. Is éard atá ann sin, ag deireadh 2022, laghdú 53,14 % ó 2020 agus laghdú 82,62 % ó thús an bhirt.

Ina dhiaidh sin, taifeadadh gur tháinig laghdú ar na caillteanais bhuiséid a sainaithníodh mar gheall ar chalaois rothlach CBL. Arna bhunú ag PLN 4 496 602 940 sular tugadh an sásra isteach in 2018, tháinig laghdú ar na caillteanais go PLN 2 468 437 745 in 2019 agus go PLN 1 107 992 201 in 2020. Le linn thréimhse an athbhreithnithe, PLN 1 229 821 973 a bhí sna caillteanais in 2021 agus PLN 111 103 219 in 2022. Laghdú géar 89,97 % i gcomparáid le 2020 atá sa toradh sin agus laghdú 97,53 % ó thús an bhirt.

Ar an mbonn sin, is é tuairim an Choimisiúin go bhfuil bonn cirt le leanúint den bheart, lena mbaineann maolú teoranta ar na ceanglais sonrasctha a leagtar amach in Airteagal 226 den Treoir maidir le CBL, ós rud é go gceadófar leis éifeachtaí dearfacha an tsásra éigeantaigh um íocaíocht dheighilte, chun go leanfar de líon réamhshainithe earraí agus seirbhísí. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an maolú a dheonú ón 1 Márta 2025 go dtí an 28 Feabhra 2028.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar diúltach ag an mbeart ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

5. EILIMINTÍ EILE

Tá clásal éagtha sa togra; teorainn ama uathoibríoch.

2025/0003 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an údarú a tugadh don Pholainn le beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310[2], d'údaraigh an Chomhairle an Pholainn le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE, chun é a cheangal ar sholáthróirí an CBL ar shonraisc arna n-eisiúint i ndáil leis na soláthairtí, idir daoine inchánacha agus arna n-íoc trí aistrithe bainc leictreonacha, de na hearraí agus na seirbhísí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a íoc, trí bhíthin cuntas bainc cánach breisluacha (CBL) ar leithligh agus stoptha arna oscailt sa Pholainn ('sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte'). Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/559 ón gComhairle[3], cuireadh síneadh leis an údarú sin go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Le litreacha a cláraíodh leis an gCoimisiún an 27 Márta 2024 agus an 1 Deireadh Fómhair 2024, d'iarr an Pholainn síneadh breise, ón 1 Márta 2025 go dtí an 28 Feabhra 2028, leis an údarú le maolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE, a mhéid a bhaineann le ceanglais sonrasctha CBL, chun leanúint den sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte a chur i bhfeidhm maidir le soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise agus a chumhdaítear go ginearálta leis an nós imeachta trína n-ainmnítear an ceannaitheoir mar cheannaitheoir atá faoi dhliteanas i leith an CBL ar sholáthairtí áirithe (dá ngairtear an 'sásra aistrithe táillí') agus le dliteanas comhpháirteach agus leithleach sa Pholainn.

---

1 IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019 lena n-údaraítear an Pholainn le beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 51, 22.2.2019, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/310/oj).

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/559 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 a mhéid a bhaineann leis an údarú arna dheonú don Pholainn leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 108, 7.4.2022, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/559/oj).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 395(2) de Threoir 2006/112/CE, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 9 Deireadh Fómhair 2024 maidir leis an iarraidh a rinne an Pholainn. Le litir dar dáta an 10 Deireadh Fómhair 2024, thug an Coimisiún fógra don Pholainn go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

(4) Tá feidhm ag an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte maidir leis na hearraí agus na seirbhísí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310. Is éard atá san Iarscríbhinn sin liosta fairsing mionsonraithe d'earraí agus seirbhísí arna n-aicmiú i gcomhréir leis an Aicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí. Ós rud é go bhfuil córas na hAinmníochta Comhcheangailte, mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[4], á chur in ionad an chórais aicmithe sin ar an leibhéal náisiúnta ag an bPolainn faoi láthair, chun an gá atá le leasú a dhéanamh ar an údarú le maolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE a sheachaint, ba cheart liosta simplithe de chatagóirí earraí agus seirbhísí a chur in ionad an liosta san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310. Dheimhnigh an Pholainn nach bhfuil leathnú ar raon feidhme an tsásra éigeantaigh um íocaíocht dheighilte i gceist le hionadú an liosta. Chuige sin, tá feidhm fós ag an oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bheart náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310.

(5) Leis an tuarascáil a chuir an Pholainn isteach an 13 Samhain 2023, faoi Airteagal 2, an dara mír, de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle, maidir le tionchar foriomlán an tsínidh leis an údarú ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánacha lena mbaineann, léirítear, ó cuireadh síneadh leis an údarú, gur tháinig laghdú, go háirithe, ar chalaois rothlach sna hearnálacha atá faoi réir an tsásra sin, amhail earnáil na cruach, an fhuílll, na miotal lómhar agus na mbreoslaí, mar thoradh ar úsáid leanúnach an tsásra éigeantaigh um íocaíocht dheighilte le haghaidh soláthairtí áirithe earraí agus seirbhísí. Thuairiscigh an Pholainn freisin, i gcás ina bhfuil trádálaí i dteideal aisíocaíocht CBL, gur éirigh le húdaráis na Polainne an t-am aisíocaíochta a laghdú faoi bhun 20 lá, chun feabhas a chur ar staid sreafa airgid an trádálaí.

(6) Deonaítear maoluithe go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu atá an beart speisialta iomchuí agus éifeachtach nó nach bhfuil. Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an maolú go dtí an 28 Feabhra 2028. Maidir leis an oibleagáid, dá bhforáiltear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310, atá ar an bPolainn tuarascáil nua a chur isteach maidir le tionchar foriomlán an mhaolaithe, i gcás ina n-iarrann sí síneadh a chur leis, ba cheart feidhm a bheith aici fós.

(7) Ní bheidh tionchar diúltach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais deiridh ná ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

---

[4] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, an dara mír, cuirtear ‘an 28 Feabhra 2028’ in ionad an dáta ‘an 28 Feabhra 2025’.

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán